LITIR ṠASANA

AG BREAṪNÚ SIAR

DONALL MAC AMHLAIBH

(Sa ṁír ḋeiriḋ ḃí stailc dá ḃagairt ag cuid oibriṫe an ráille de ḃárr uaireanntaí aċrannaċa oibre).

DIA MÁIRT, 15-3-1960.

Tá faitíos orm gur stailc gan tairḃe a ḃí ann dúinn mar cé gur ḟan tuairims a leaṫ sa mbaile inné níor leór sin le ṫúirt ar an dream i gceannas géilleaḋ dúinn. 'Sí an tsean scéal ceannann céanna é — siad an luċt oibre a ḃaineanns an tslat le iad féin a ḃualaḋ. Aċ bíoḋ acu, tá mé ag cailleaḋ suime sa job seo héḃrí é.

Lá iontaċ breá a ḃí inniu ann —an ġrian ag taiṫneaṁ agus na h-éin beaga ag déanaṁ ceoil. Ċonnaic mé feidleaċán beag geal ag eitilt ṫart agus b'ḟaċtas dom go raḃ sé buile beag lua, an rud beag gleoite. Aċ is tuar dóċais é, ár ndó, agus ní aireó muid anois go mbeiḋ an lá breá linn, ní uair sa tseaċtain le ċongnaṁ Dé aċ 'ċuile lá.

Tá an feilméar boċt faoi ḃrón ar an aimsear seo. A ṁáṫair a ḃeiṫ básuí agus curṫa le coicís in gan ḟios dó is cionntaċ leis. Góilín a ḃí ag léaṁ an Cork Examiner annsin inné agus ċonnaic sé faoi ḃás na mná seo darḃ sloinne dí Nolton i mbaile beag i gCo. Ċorcaí. D'ḟiafraiġ sé den ḟéilméar a' mbeaḋ dáiṁ ná gaol aige leis an mbean a ċailleaḋ 'ṫárla go mb' as an áit ċeadna dóiḃ beirt. Agus annsin, sul má ḃréaṫnaiġ sé ar an bpáipéar ċor ar biṫ, ṫomais an feilméar boċt go b'í a ṁáṫair féin a ḃí ann. Is boċt an caoi é leis an ndroċ-scéal údan ḟáil, gan ċoinne ná súil leis agus ró-ṁall le ḋul ar an tsocraid fiú. Is mairg naċ scríoḃaḋ aḃaile corr-uair.

DIA CEADAOIN, 16-3-1960.

D'imṫiġ an dá leorraí ar buille an seaċt ar maidin i leaba beiṫ cúpla noiméad mall mar is dual dóiḃ; agus mar sin fágaḋ ceaṫrar againn 'na ndiaiḋ. Isaac (Iamaiceaċ) Brúnaċ Ṗuirt Laoise, Kiely agus mise a fágaḋ agus b'éigean dúinn an traen ḟáil go Bolberampton agus é siúl annsin an ċuid eile den ḃealaċ amaċ go dtí a n-áit oibre. D'ḟéadfaḋ sé go bfuil Máirtín ag éirí beagáinín "giloy" anois de ḃárr go ndeaċa muid ina ḋiaiḋ faoi cén uair ar ċeart dúinn tosú ag obair Dia Luain. Aċ is cuma. Amáireaċ Lá Ḟéil' Pádraig agus tá rún agam féin lá saoire a ḃeiṫ agam (mar ḃí riaṁ ó ṫáinic mé go Sasana) agus a ḋul suas go Londain. Sé an feall go b'é lá pái é mar go ḃfanfaḋ go leor de na buaċaillí ag baile an lá sin meireaċ go mbeiḋ orṫu a ḋul amaċ le'n a bpái ḟáil. Ṫosaiġ Góilín ag fiafrú díoḃ inniu a ḃfuair siad uiliġ cuireaḋ don ḃfleaḋ tá le ḃeiṫ sa 'mBirḋ in Nand' san oíċe amáireaċ, mar dóí ḋe gur ċuireaḋ amaċ cárta cló-ḃuailte ċuiġ 'ċuile fear ar an job.

"I designed them myself and I t'ink they are most artistic," ar seisean. "There's a border of green shamrock and a celtic design on each one and the menu will be decorated likewise. I hope you will all endeavour to wear something green that night, though of course dress will be optional. We're having white soup for a kick-off, followed by friend fillet of sole with lemon flavouring and the main course of the evening will be the traditional dish of bacon and cabbage. Irish whiskey will be served during dinner and I want to ask you all to exercise a little restraint with the John Jameson. We'll return to the local brew after dinner then, just to show we're no way snobbish."

Ċeapfainn go mbeaḋ oíċe ṁaiṫ ann ceart go leor. Fiú d'uireasa na soluistí breáṫa sin a ṡaṁlaiġ Góilín dúinn, aċ níl ann aċ seans mura mbrise aiġneas amaċ roiṁ deire na h-oíċe. Tá's agam go bfuil seomra mór sa 'Robin Nood' faiġṫe ag Lads Ċaṫair Luimní agus is cinnte go mbeiḋ oíċe an-ṁaiṫ annsin acu cibé cé mar éireóċfas le fleaḋ na duine seo. Meireaċ í féin ní móide gur go Londain a ḃeinnse a ḋul an ḃéaḃ seo aċ ṁol sí dom lá saoire a ṫóigeáil agus ċastáil le mo ṡean-ċáirde ṫuas annsin, má ḟéadaim. Aċ tá sí ṫéis a ċur de ġeasa orm gan a ṫeaċt arais annseo gan bronntanas beag éicint a ḃeiṫ liom don bpáiste. Ní iarrfaḋ sí tada dí féin aċ níl aon uair dá mbuaileann sí amaċ naċ ḃfeicfiḋ sí rud eicínt a ṫaitneóċas léi don bpáiste—ball éadaiġ, nó caipín beag, nó bréagán a d'ḟeilfeaḋ do gasúir 'cúig bliana, fiú. Tá faitíos orm go mbeiḋ muid bánuí amaċ annseo nuair a ċosóċfas sí ag ceannaċ rudaí mar sin do Ṁáire Ḃríd. Tá súil agam naċ annseo i Sasana a ḃéas muid an uair sin aċ ṫiar in Éirinn mar naċ tír ar biṫ í seo, ar ḃealaċ, le ḃeiṫ ag tóigeáil cloinne ann. Tá áiseannaí ṁaiṫe ann ceart go leor agus tá an tSeirbís Sláinte tá acu gan sárú; aċ ina ḋiaiḋ sin feictear dom naċ mbíonn aon múineaḋ ar ġasúir an aicme oibre annseo agus tá's agam go ngoillfeaḋ sé as cuimse orm aon páiste liom féin ḟeiceáil ag teaċt aníos ina Ṡasanaċ, fiú más i Sasana tá mé ag saoṫrú mo ḃeaṫa le naoi mbliana. Tá siad ṫart faoin mbaile seo, na céadta gasúir beaga deasa de ḃunaiḋ na nGael agus ní aiṫneóċfar ar ball orṫu go raḃ braon d'ḟuil an Éireannaiġ riaṁ ionnta.

DIARDAOIN 17-3-1960 —LÁ 'ḞEIL' ṖÁDRAIG

Ċuaiġ sí féin is mé féin ċuiġ Aifreann an naoi agus ċuaiġ mé ar an dtraen go Londain annsin. D'ḟága mé Euston gan ṁoill ṫéis teaċt den traen dom agus rinne mé caol díreaċ ar Camden Town. Ċuaiġ mé sa mBlack Cap ar dtús aċ ṫáinic iarraċt de ḋíomá orm nuair a ṡeas mé taoḃ istiġ ann mar go bfuileadar ṫéis í ḋeisiú go mór agus tá leaṫ den tseomra mór ina ṗroinnteaċ anois. Ní raḃ mórán de na leadsaí istiġ ann aċ oiread agus dúraḋ liom go bfuil siad ṫéis a ṫréigsint le scaṫaṁ agus gur sa 'mBrighton' is mó ḃíonns siad anois. Ṫárla an rud céanna don 'Cock' ṫall i gKilburn a sé nó seaċta de ḃliana ó ṡoin. Áit mór do na Páidiní a ḃí ann an uair sin aċ cuireaḋ ċaoi air agus ṫosuíodar ar ḃeiṫ ag díol ḃíḋ ann agus ṫréig na Gaeil annsin é. D'ól mé dá ṗionnta leanna sa "Cap" agus ċuas don 'Bedford Arms' ansin, an áit mbíoḋ Margaret Barry aḋ canaḋ sul má ṡaoṫraiġ sí ainm mór dí féin. Cé ċasfaí dom istiġ annsin aċ Máirtín Cooke as Bungabla! Ar éigin má d'aiṫn muid a ċéile ṫéis is gur ċaiṫ muid trí bliana in Airm na hÉireann in éindiġ. Mar adeir Máirtín tá muid ag éirí sean in gan ḟios dúinn féin. Leag muid ar an ól annsin agus ḃí an t-ancraic ar fad againn ag cur síos ar an tsean saol. Tá mórċuid den dtír seo siúlta ag Máirtín ó ṫáinic sé anall agus ċuaiġ sé go Lourdes anuraiḋ, fiú. Nuair a d'ḟiafraiġ mé féin de cén' sórt talaṁ a ḃí sa ḃFrainc rinne sé gáire, agus ar seisean;

"Óra a ḋriotáirín is measa go mór í ná an áit ṫiar! Tada aċ garrannṫaí beaga cloċaċ agus asail istiġ ionnta 'nós mar a d'ḟeicfeá sa mbaile go díreaċ. Ċonnaic muid dá ḋaṁ ag tarraingt ceaċta in aon áit aṁáin agus mná ag piceáil féir in áit eile ċúns ḃí a gcuid feara ag déanaṁ bolg le grian!"

"Dar m'anam go b'ṡin í an tír ceart le ḃeiṫ ag ċur fút ann, a Ṁáirtín," adeirimse.

"Naċ ṡin a ḃí mise a ceapaḋ freisin," ar seisean, "dá ḃféadfá gan a teaċt arais as ċor ar biṫ."

Ṫáinic lad as Sraiṫ Salaċ isteaċ annsin agus ó ḃí aiṫne aige féin is ag Máirtín ar a ċéile ṫáinic sé isteaċ inár gcuideaċtain agus 'fair play' dó ba é ḃí go maiṫ ar an gcraic. Ċasaḋ leadsaí go leor as ċeanntar Ṡraiṫ Salaiġ ċeana orm is gan mórán ar biṫ Gaeilge acu aċ ḃí sé seo ina Ġaeilgeoir có blasta is a ċloisfeá in aon áit. Ba ġéarr annsin gur ṫáinic fear a' tí anall ċugainn — as Baile an Ġlúinín é—agus d'ḟan muid ag seanċus go raḃ sé aḃfad é in diaiḋ am dúnaḋ. Ḃí sé ag innseaċt dúinn faoi Margaret Barry agus ba é a ċreid sé fearaċt go leor eile ṫart annseo naċ mbeiḋ cainnt ar biṫ uirri as seo go ceann leaṫḃliana eile. Tá na páipéirí ag séideaḋ fúiṫí annseo anois is ag déanaṁ scéal mór dí aċ is sin é an rud is measa d'ḟéadfaidís a ḋéanaṁ mar go mbeiḋ na daoine ag súil leis an iomarca uaiṫí agus nuair a clisfeas uirri ní ḃeiḋ meas ar biṫ ar an "mBainríon." Ní raiḃ caill ar biṫ ar Margaret ċúns ḃí sí ag canaḋ annseo sa 'mBedford Arms aċ ó ṫosuiġ an bollscaireaċt is an poiblíoċt seo uiliġ faoi í ḃeiṫ ina "Ḃainríon ar Ṫincéirí na hÉireann" tá sí ag cailleaḋ an claoiginn ar fad. Deir siad go raḃ sí istiġ sa mBedford Arms an oíċe faoi ḋeire agus gur ḟiafraiġ duine dá cuid sean-cáirde ceist eicínt dí.

"Is fearr duit labairt le mo ḃainisteoir más áilt leat aon ḟaisnéis ḟáil," ar sise, có leiṫeadaċ is dá mba Zsa Zsa Gabor a ḃeaḋ innti. Aċ bíoḋ sin mar tá, níl aon baol naċ mbeiḋ scéalta dá cumaḋ fuiṫí ag Páidíní Camden Town coṁ tréan in Éirinn is a ḟéadfas siad ċuiṁneaṁ orṫu. Tá siad a' rá ċeana féin go ndeaċa sí síos go Pálás a' Rí an lá ċeana le súil go bfeicfeaḋ sí an páiste ríoga tá ṫéis ṫeaċt ar an saol cionn is gur bainríon ise í féin! Ḃí Máirtín ag breaṫnú uirri san Albert Nall an oíċe deiriḋ agus deir sé liom naċ raḃ ṫar seisear fannta sa hall nuair a ḃí sí réiḋ ag canaḋ. Feictear dom féin gur cúṫaċ an cleas é ag luċt na bpáipéar agus daoine eile mar sin ḃeiṫ ag déanaṁ an oiread sin gleo faoi duine sa gcaoi is go mbítear ag súil leis an iomarca ar fad uaiṫi. Ḃí sé an cúig a' ċlog tráṫnóna sul má d'ḟágamar an 'Bedford' agus ḃí muid bogṫa go maiṫ faoin uair sin. Ċuaiġ na leadsaí aḃaile ċuiġ an tae agus séard a rinne mise annsin bus a ḟáil amaċ go Stoke Newington le Mac a' Ḃáird ḟeiceáil. Ḃí sé gar do oċt mí ḋeag ó ḃí mé amuiċ ann ċeana agus ċuaiġ sé ċruaí go leor orm an teaċ ceart a aimsiú. Fuair mé amaċ faoi ḋeire é, ar ċaoi ar biṫ, agus ḃuail mé isteaċ ċúca. Ní raḃ súil dá lagaḋ acu liom aċ nuair a ḃuail mé isteaċ ann ċuir siad an t-ánḟáilte ar fad róm. Tá mac beag agus iníon Paccie ṫéis ḟáil anmór, bail ó Ḋia orṫu, agus is a ḋul in ḋeise tá siad. D'ól muid an tae ar ċaoi ar biṫ agus ċuaiġ Paccie is mé féin agus Briain sin as Co. an Caḃáin amaċ ċuiġ an teaċ ósta annsin. Daoine duḃa ar fad tá sa dteaċ seo. Cés móite de Paccie is a ċlann agus fear Ċaḃáin. Isé ċaoi bfuil Paccie mar ċineál ṁaoir ar an dteaċ agus is é a ḃaluíonns an ċíos don fear ar leis é an áit. Tá a ċuid féin den teaċ saor in aisce dá ḃárr sin aige agus tá sé mar ċuid dá ḋualgas ḟeiceáil ċuige naċ mbeiḋ droċ-iompar ná aċrann ann idir na tionóntaí eile. Go deiṁin, murar aṫraiġ Paccie, is é ḃéas in ḋan ḟeiceáil ċuige sin! D'ól muid streall ṁaiṫ sa dtaḃairne ṫíos ó tí Paccie, aċ ar ċuma eicínt ní h-é an oiread sin ṡásaṁ a fuair mé air. Aċ tá Paccie é féin le teaċt anuas ar ċuairt ċugam féin as seo go ceann ċoicíse agus ansin beiḋ deis breá againn ar na seanlaeṫe a ċur tré ċéile. Céad slán go deo le Gaillim agus leis an saol tá ṫart!

Dónall Mac Aṁlaiġ.

POILITÍOĊT

SA GAELTAĊT A ĊAILL F.F. I gCORCAIĠ

FEARFEASA.

Ní raiḃ iontas ar ḋuine ar biṫ a léiġeas an colún seo oíċe Aoine seo caite nuair a fógraíoḋ go mbeaḋ Toġaċan Mór ar an Ċeadaoine, an 7ú Aibreán nó ḃí fios acu iomlán an scéil níos fearr, mar adeirtear ná mar Béarlóirí airid i bPáirtí an Rialtais é.

D'innis mé daoiḃ go mbeaḋ an bua go héasca le Dr. Ui Ḋeasṁuman, aċ gur doíċe naċ suífeaḋ sí ċor ar biṫ san 17ú Dáil. Cuireaḋ ar mo ṡúla dom gur dúirt traċtaile eile sin i mBéarla roṁam-sa. Aċ an raiḃ fírinne ar biṫ ann san am? Sin an ċeist.

Níorḃ aon trioblóid do leanas gan suíoċan Corcaiġ do ḃaint. Ní dóiġ liom go raiḃ sé ar intinn aige mórċúis a ḋéanaṁ den corrṫoġaċán. Mar adúirt mé bé corrṫoġaċan Iarṁiḋe - Longport a ċuirfeaḋ san ḟaopaċ é. Ċaillfeaḋ sé é agus ḃeaḋ L'Estrange sa Dáil agus ċaiṫfeaḋ sé ḋul na tíre. Ḃí Fine Gael coṁ ciúin le luċóga — mar dúirt mé. Ba ṁaiṫ leo é a ḟágail istiġ go dtí go mbeaḋ an corrṫoġaċan in Iarṁiḋe - Longport.

Aċ is fada Lemass san poiliṫíoċta agus is beag atá coṁ críonna leis ann. Rinne sé dá fógrú poiblí le linn corrṫoġaċáin i gCorcaiġ fá ḃagairt Toġaċain Ṁóir dá gcaillfeaḋ Fianna Fáil. Ḃí malairt cuspóir leo. Bliain ó ṡoin ḃí an t-eolas go cruinn beaċt aige go raiḃ suíoċán Corcaiġ "sa ṁála" ċeana sular labairt agus is ag iascaireaċt do Ċill Dara a ḃí sé leis an ḃagairt—agus d'éiriġ leis.

I mbliana ní hé an ċuspóir céanna a ḃí leis an raḃaḋ fá toġaċan mór ċor ar biṫ. Ḃí ḟios aige go maiṫ roiṁré go bfuiġeaḋ Dr. Ui Ḋeasṁumain an suíoċán—leiṫscéal do Ṫoġaċán Mór a ḃí uaiḋ agus glac sé go tapaiḋ é. D'éiriġ leis coṁ maiṫ sin nar cros traċtaire no poiliticeoir focal ina ḃéal fós faoi gur ṫarraing sé toġaċan gan cúis ar an tír—an eagla ba ṁó ḃí air. Anois tá an toġaċan aige san am ar ṁaiṫ leis agus gan a ṁilleán air. Tá an toġaċan ann san am is fearr a ḟóireann. Ní ṫiocfaḋ leis dul mórán níos faide. Is cúis bróin le tacadóirí agus freasúra go bfuil beirt T.D. Fianna Fáil i dTiobraid Árainn go han tinn ar fad aċ sin mar atá. Ní ḟéadfaí an toġaċan mór a ċur ar gcúl mórán níos faide agus fóireann sé go breá anois do Lemass nuair is fearr atá cúrsaí na tíre agus a ṡeasaṁ féin le cúiġ bliana. Aċ tá dá ṫaoḃ ar sin agus pléfimid an dá ṫaoḃ an tseaċtain seo ċugainn.

Rud naċ eol do mórán b'éidir nó gur ċoiméad Fianna Fáil a nglan ḃóta gan cailliúnt ar biṫ beagnaċ frid ḃreis agus trí ceaṫrú de Dáilċeantar Corcaiġ Láir. Déanta na fírinne is aḃar dóċais do Lemass agus aḃar imní don Diollúnaċ coṁ maiṫ agus ḃluṫaiġ ḃóta F.F. i gCorcaiġ in aineoin roint droċ tionċair.

Ba sa Ġaeltaċt a cailleaḋ bóta Fianna Fáil go trom. I gCúl Aoḋa, i mBaile Ḃúirne, i mBéal Áṫa 'n Gaorṫaiḋ ṫáiniġ ísliú trom ar sciar Fianna Fáil de na bóta—fiú ó'n Mór Ṫoġaċan.

Cad ċuige ḃí níos mó ná an cúis aṁáin. Ḃí na cúiġ bliana gan éifeaċt Roinn na Gaeltaċta. Ḃí an Páipéar Bán agus cúl le Gaeltaċt agus ḃí ionadaí na Gaeltaċta Conċubar Ó Muiṁneaċan gur buadaḋ air mar iarraṫóir ag an gcoṁḋáil. Bíoḋ do roġa agat ciacu cúis ba troime aċ cibé ar biṫ níor ṡocraiġ na húiṁir a haon coṁ fial nó coṁ flaiṫiúl ċun Fianna Fáil ó boscaí na Gaoluinne agus a bídis ag ḋul.

Anois na hiarraṫóirí. Ní ḟeicim mórán aṫraiṫe sna Dáilċeantair Gaeltaċta i dTírċonaill Ṫiar Ṫeas beiḋ Ó Breisleáin ⁊ Ó Braonáin ina niarraṫóirí. An ċeist do Gaela an raċaḋ Seán Ó Cinnéide? Is cinnte go mbeiḋ Pa Ó Doṁnaill agus Criostóir Ó Gallċoḃair a fuair ceiṫre ṁíle go leiṫ ḃótaí d' Ḟine Gael an t-am deiriḋ. Fuair Séamas Mac Ruairí dá ṁíle bóta do Sinn Féin aċ b'ḟearr i ḃfad a ḋéanfaḋ sé mar iarraṫóir neaṁspléaċ poblaċtanaċ a ġlacfaḋ suíoċán sa Dáil.

Ní ḃeaḋ aon aṫrú ar iarraṫóirí Tírċonaill Ṫoir Ṫuaiḋ (Ó Bléine, Ó Cuinneagáin. Mac Airt, Mac Loċlainn) muna mbíonn iarraċt á ḋéanaṁ Seanadóir Mac Loingsiġ a ainmniú d'Ḟianna Fáil agus Aoḋ Mac Aonraic d'Ḟine Gael.

I nGaillim Ṫiar is deiṁin go mbeiḋ Mac Partalain agus Mac Eoċagain ina n-iarratóirí d' Ḟianna Fáil agus Ó Cuagáin agus Seanadóir Ó Mainín d' Ḟine Gael. Ní ḃeiḋ Séamas Ó Coiliġ don Luċt Oibre nó Tomás Mac Póil mar Neaṁspléaċ. Meastar go dtógfaiḋ Coṁḋáil i nGaillim Proinsias Mac Aonġusa mar iarraṫóir Luċt Oibre. Meastar go ndéanfaiḋ sé go maiṫ aċ ní dóiġ liom é. Dá nglacaḋ Páirtí Oibreaċais coṁairle ó Ḟearfeasa anois do ḋéanfaḋ siad Seosaṁ Mac an Iomaire (Clann na Poblaċta) a ṫarraċ isteaċ agus a ċur ag riṫ mar coṁ-iarraṫóir luċt oibre. Céard a ṫárla ansin?

Faoi an Ġaeltaċt agus polasaí. Ní haon tairḃe geallúintí á ḟáil óna Pairtiṫe nó a gceannarús. B'ḟearr i ḃfad tionċar a oibriú ar na hionadaiṫe áitiúla.

Tuilleaḋ fá seo agus tuar fá'n Dáil nua an tseaċtain seo ċugainn.

FEARFEASA.

BEIḊ AN BUA LE TÍRĊONAILL

Beiḋ súla agus siúl Tírċonaill ar Dún Geanainn Dia Doṁnaiġ mar a mbeiḋ cead féacail mór foirinn 1965 in eadan an Dúin sa cluiċe leaṫ-ceannais Corn Lagain.

Tuairimíd arís go mbainfiḋ Tírċonaill gan ró-ṁórán trioblóide agus gurb é an ċéad ċéim ar an dréimire suas é a ḃeirfeas píosa mór fada iad i 1965.

Tír Ċonaill abú!